

[06_04.mp3](#)

Bileog 6.4

Mary: Dia duit a Liam.

Liam: Dia is Muire duit.

Mary: Anois, cad iad na cáilíochtaí atá agat?

Liam: Rinne mé an Ardteistiméireacht sa bhliain nócha is a cúig. Chuaigh mé ansin go dtí Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus bhain mé céim onóracha san eolaíocht amach. Chuaigh mé ag taisteal ansin ar fud an domhain ar feadh dhá bhliain. Nuair a tháinig mé ar ais rinne mé máistreacht i Maigh Nuad. Chaith mé dhá bhliain ag obair mar theagascóir ansin go dtí go bhfuair mé post mar státseirbhíseach i lár na cathrach sé bliana ó shin. Fuair mé dioplóma sa ghnó anuraidh.

[06_07.mp3](#)

Bileog 6.7

Bríd: Ó haigh, a Ultain, cén chaoi a bhfuil tú? An bhfuil tú ag dul go dtí an rang Spáinnise anocht?

Ultan: Is dócha! Sílim féin go bhfuil an leibhéal beagán ródheacair dom. An bhfuil tú féin ag dul?

Bríd: Tá. Tá cinnte. Is breá liom an rang, caithfidh mé a rá. D'fhreastail mé ar rang anuraidh agus bhí barraíocht béime ar an scríobh. Is maith liom an rang seo mar bíonn an deis againn labhairt agus a bheith ag cleachtadh.

Ultan: Sin an fhadhb domsa! Bíonn an iomarca cainte ann agus níl mórán d'fhoclóir agam le comhrá ceart a bheith agam le héinne! Mothaím caillte go minic.